2024/440

6.2.2024

MOLADH (AE) 2024/440 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Feabhra 2024

maidir le comhéifeachtaí dáileoige a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar an dáileog éifeachtach agus ar an dáileog choibhéiseach chun críocha Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 563)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom'), agus go háirithe Airteagal 33, an dara mír, agus Airteagal 106a de ina dtagraítear d'Airteagal 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Tar éis dul i gcomhairle leis an ngrúpa saineolaithe dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 31 de Chonradh Euratom,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 2(b) de Chonradh Euratom, déantar foráil maidir le caighdeáin chomhionanna sábháilteachta a bhunú chun sláinte oibrithe agus sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a eascraíonn as radaíochtaí ianúcháin.

(2) Chun an cuspóir sin a bhaint amach, le hAirteagal 31 de Chonradh Euratom cuirtear de chúram ar an gComhairle na bunchaighdeáin sin a bhunú ar thogra ón gCoimisiún, agus ceadaítear le hAirteagal 32 na bunchaighdeáin sin a athbhreithniú nó a fhorlíonadh.

(3) Ghlac an Chomhairle roinnt treoracha lena leagtar síos bunchaighdeáin sábháilteachta chun sláinte oibrithe, othar agus an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a eascraíonn as radaíochtaí ianúcháin. Is í Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an ceann is déanaí ([1]).

(4) De bhun Threoir 2013/59/Euratom, déanfar nochtadh don radaíocht oibrithe nochta i gcomhthéacs oibre a mheasúnú i gcás gach oibrí ar bhonn aonair bunaithe ar thomhais. Tá meastachán na ndáileog éifeachtach agus coibhéiseach a bhunaítear ar na tomhais sin ag brath ar luachanna agus ar ghaolmhaireachtaí a shuitear go heolaíoch, mar atá comhéifeachtaí dáileoige, a fhoilsíonn an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht ('ICRP'). Le hAirteagal 13 de Threoir 2013/59/Euratom ceanglaítear ar na Ballstáit na comhéifeachtaí dáileoige sin a úsáid.

(5) In 2022, chuir ICRP sraith cúig imleabhar d'Fhoilseacháin ICRP i gcrích maidir le hIontógálacha Radanúiclídí ag an Obair, *Occupational Intakes of Radionuclides: Part 1 - 5* ([2]), lena n-áirítear tacar atá tugtha cothrom le dáta de chomhéifeachtaí dáileoige le haghaidh nochtadh ceirde ó iontógálacha radanúiclídí agus cumhdaítear ann na radanúiclídí is coitianta a úsáidtear, lena n-áirítear radón.

(6) Tar éis na bhfoilseachán sin de chuid ICRP, d'iarr an Coimisiún ar an ngrúpa saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 31 de Chonradh Euratom tuairim a thabhairt maidir leis na comhéifeachtaí dáileoige atá tugtha cothrom le dáta. Ina dtuairim an 28 Meitheamh 2023, cuireadh i dtábhacht go bhfuil an tsraith foilseachán de chuid ICRP, agus na comhéifeachtaí dáileoige uile atá iontu, uathúil ar an leibhéal idirnáisiúnta agus go léiríonn siad úrscothacht sa réimse, i bhfianaise na hard-mhodheolaíochta a úsáidtear iontu agus i bhfianaise chur i bhfeidhme na hard-mhodheolaíochta sin maidir le líon fairsing radanúiclídí. Dá bhrí sin, chuir an grúpa saineolaithe in iúl go raibh sé i bhfabhar na comhéifeachtaí dáileoige atá tugtha cothrom le dáta a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar an dáileog éifeachtach agus ar an dáileog choibhéiseach chun críocha Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle.

([1]) Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos bunchaighdeáin sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/59/oj).

([2]) Foilseacháin ICRP 130 (2015), 134 (2016), 137 (2017), 141 (2019), 151 (2022).

(7) De bhun na chéad mhíre d'Airteagal 33 de Chonradh Euratom, ceanglaítear ar gach Ballstát na forálacha iomchuí a leagan síos, le reachtaíocht, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bunchaighdeáin. Is iomchuí, dá bhrí sin, moltaí a dhéanamh chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na forálacha is infheidhme sna Ballstáit maidir le húsáid chomhéifeachtaí dáileoige ICRP a tugadh cothrom le dáta ag údaráis inniúla na mBallstát chun cur chun feidhme comhsheasmhach fhorálacha ábhartha Threoir 2013/59/Euratom a áirithiú ar fud an Aontais.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as Foilseacháin ICRP maidir le hIontógálacha Radanúiclídí ag an Obair, *Occupational Intakes of Radionuclides: Part 1 - 5*, (Foilseacháin ICRP 130, 134, 137, 141 agus 151), agus na comhéifeachtaí dáileoige uile atá iontu, sa mheastachán ar an dáileog éifeachtach agus ar an dáileog choibhéiseach ó nochtadh inmheánach chun críocha Threoir 2013/59/Euratom.

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Kadri SIMSON
Comhalta den Choimisiún